

## Bás Adrian Hardiman

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás an bhreithimh cháiliúil Adrian Hardiman. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat plé ar an abairt thíos, a bhí i mbreithiúnas a thug an Breitheamh Hardiman sa chás ‘Ó Maicín v Ireland’. An aontaíonn sibh leis an abairt?

*“Is léireasc (truism) stairiúil é go raibh drogall (reluctance) ar Éire oifigiúil feidhmiú amhail is gur Stát dátheangach é an Stát go deimhin, sa dlí agus i ngníomh agus i dteoiric bhunreachta chomh maith.”*

### Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail/frásaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- Supreme Court judgment: \_\_\_\_\_
- linguistic rights: \_\_\_\_\_
- constitutional right: \_\_\_\_\_
- language act: \_\_\_\_\_
- the Language Commissioner: \_\_\_\_\_
- we express our sympathy: \_\_\_\_\_
- a gigantic man: \_\_\_\_\_
- prudent, sensible judgments: \_\_\_\_\_
- throughout his lifetime: \_\_\_\_\_
- aside: \_\_\_\_\_

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

### Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Conas a chuidigh an Breitheamh Hardiman le cás na Gaeilge sa tír seo?
2. Cén t-eolas pearsanta a thugtar dúinn faoi Adrian Hardiman?

Cad iad na freagraí a bhí ag an duine in aice leat?

### Ceist 4

Bhí a lán samplaí den tuiséal ginideach sa mhír. Cuir na focail atá idir lúibíní sa tuiséal ginideach. Féach ar an tuairisc arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

- breithiúnas (an Chúirt Uachtarach) \_\_\_\_\_
- os comhair (an chúirt) \_\_\_\_\_
- achtanna (an tOireachtas) \_\_\_\_\_
- cinneadh (an rialtas) \_\_\_\_\_
- ó thaobh (an Ghaeilge) \_\_\_\_\_
- gnó oifigiúil (an stát) \_\_\_\_\_

**Ceist 5** ‘...fathach fir...’ / fear fathachúil

Féach ar na haidiachtaí eile seo a chuireann síos ar thréithe pearsanta. An dtuigeann tú iad?

*cabhrach  
cairdiúil  
ciallmhar/stuama  
deisbhéalach  
dóchasach  
flaithiúil  
gealgháireach  
leisciúil  
leithleach  
macánta  
néata  
réchúiseach  
sotalach*



Déan plé leis an duine in aice leat ar na tréithe a dhéanann cur síos ar do phearsantacht féin.

**Ceist 6**

Is minic a bhíonn fadhbanna ag foghlaimeoirí leis an ainmfhocal ‘bliain’. Féach ar na hainmfhocail eile seo a mbíonn deacracht ag daoine leo. Lín na bearnaí sa bhosca.

An tuiséal ainmneach uatha	An tuiséal ainmneach iolra	An tuiséal ginideach uatha	An tuiséal ginideach iolra
<i>an bhliain</i>	<i>na blianta</i>	<i>tús na bliana</i>	<i>imeacht na mblianta</i>
an ealaín		stair ...	lucht ...
an mhí		deireadh ...	tar éis ...
an sliabh		barr ...	fiántas ...
an leaba		chun ...	ag cóiriú ...

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Iarr ar gach beirt an abairt a phlé. Seo thíos an t-aistriúchán Béarla:

*“It is a historical truism that official Ireland has always been reluctant to behave as if the State were indeed, in law and in practice, as well as in constitutional theory, a bilingual State.”*

### Ceist 2

Supreme Court judgment:	<i>breithiúnas na Cúirte Uachtaraí</i>
linguistic rights:	<i>cearta teanga</i>
constitutional right:	<i>ceart bunreachtúil</i>
language act:	<i>acht teanga</i>
the Language Commissioner:	<i>an Coimisinéir Teanga</i>
we express our sympathy:	<i>cuirimid ár gcomhbhrón in iúl</i>
a gigantic man:	<i>fathach fir / fear fathachúil</i>
prudent, sensible judgements:	<i>breithiúnais stuama chiallmhara</i>
throughout his lifetime:	<i>le linn a shaolré</i>
aside:	<i>ar leataobh</i>

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

breithiúnas (an Chúirt Uachtarach)	<i>breithiúnas na Cúirte Uachtaraí</i>
os comhair (an chúirt)	<i>os comhair na cúirte</i>
achtanna (an tOireachtas)	<i>achtanna an Oireachtais</i>
cinneadh (an rialtas)	<i>cinneadh an rialtais</i>
ó thaobh (an Ghaeilge)	<i>ó thaobh na Gaeilge</i>
gnó oifigiúil (an stát)	<i>gnó oifigiúil an stáit</i>

### Ceist 5

cabhrach – <i>helpful</i>
cairdiúil – <i>friendly</i>
ciallmhar/stuama – <i>sensible</i>
deisbhéalach – <i>eloquent</i>
dóchasach – <i>optimistic</i>
flaithiúil – <i>generous</i>
gealgháireach – <i>cheerful</i>
leisciúil – <i>lazy</i>
leithleach – <i>selfish</i>
macánta – <i>honest</i>
néata – <i>neat</i>
réchúiseach – <i>easy-going</i>
sotalach – <i>arrogant</i>

### Ceist 6

An tuiseal ainmneach uatha	An tuiseal ainmneach iolra	An tuiseal ginideach uatha	An tuiseal ginideach iolra
an bhliain	na blianta	tús na bliana	imeacht na mblianta
an ealaín	na healaíona	stair na healaíne	lucht na n-ealaíon
an mhí	na míonna	deireadh na míosa	tar éis na míonna
an sliabh	na sléibhte	barr an tsléibhe	fiántas na sléibhte
an leaba	na leapacha	chun na leapa	ag cóiriú na leapacha

### Eimear Ní Chonaola

Is é an Breitheamh Adrian Hardiman a léigh breithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás stairiúil a bhain le cearta teangan<sup>1</sup> sa mbliain<sup>2</sup> 2001. Rialaigh an Chúirt i gcás Uí Bheoláin go raibh ceart bunreachtúil ag an té a bheadh os comhair na cúirte aistriúchán oifigiúil a bheith aige ar achtanna an Oireachtais. Bhí baint mhór ag an mbreithiúnas seo le cinneadh an rialtais acht teangan a achtú. Seo mar a labhair an Coimisinéir Teangan, Rónán Ó Domhnaill, faoin mBreitheamh Hardiman.

### Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga

Bhuel, ar an gcéad, dul síos cuirimid ár gcomhbhrón in iúl, dar ndóigh, dá bhean chéile agus don triúr mac a bhí ag an Onórach, an Breitheamh Adrian Hardiman. Is fear ... fathach fir a bhí ann i ndáiríre, go mórmhór<sup>3</sup> ó thaobh na Gaeilge de. Thug sé go leor breithiúnas stuama ciallmhar le linn a shaolré, sé bliana déag, ar an gCúirt Uachtarach. Aireoidimid uainn go mór é. Agus cuimhnímid ar chás Uí Bheoláin agus an méid a dúirt sé faoi nach bhfágfaí an Ghaeilge ar leataobh ó aon chuid de ghnó oifigiúil an stáit. Cás Uí Mhaicín, a dhearcadh a léirigh sé ansin faoin stát agus an tacaíocht nó easpa tacaíochta a bheadh ar fáil nó a bhí ar fáil nó atá ar fáil don teanga. So, sílim gur lá thar a bheith brónach é seo do chuile<sup>4</sup> dhuine, ach dar ndóigh, mar a dúirt mé, don chlann ar fad. Agus, aireoidimid, mar Ghael, uainn é.

---

<sup>1</sup> *teanga* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> Córas Chonnacht

<sup>3</sup> *go mór mór* an leagan caighdeánach

<sup>4</sup> *gach uile* an leagan caighdeánach